BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Chéad Dlísheomra)

7 Aibreán 2022*

(Tarchur chun réamhrialú – Beartas Sóisialta – An comhaontú réime maidir le hobair téarma shocraithe a thug ETUC, UNICE agus CEEP i gcrích – Clásail 2 agus 4 – An comhaontú réime maidir le hobair pháirtaimseartha a thug ETUC, UNICE agus CEEP i gcrích – Clásal 4 – Prionsabal an neamh-idirdhealaithe – Cóir chomhionann san fhostaíocht agus sa tslí bheatha – Giúistísí agus gnáthbhreithiúna – Clásal 5 – Bearta arb é is aidhm dóibh úsáid mhíchuí conarthaí téarma shocraithe a phionósú – Treoir 2003/88/CE – Airteagal 7 – Laethanta saoire bliantúla le pá)

I gCás C-236/20,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ón Tribunale amministrativo regionale per l'Emilia Romagna (an Chúirt Riaracháin Réigiúnach, Emilia Romagna, an Iodáil), trí bhreith an 27 Bealtaine 2020, a fuarthas ag an gCúirt Bhreithiúnais an 4 Meitheamh 2020, sna himeachtaí

PG

v

Ministero della Giustizia,

CSM – Consiglio Superiore della Magistratura,

Presidenza del Consiglio dei Ministri,

idiragraithe:

Unione Nazionale Giudici di Pace (Unagipa),

TR,

PV,

Associazione Nazionale Giudici di Pace – ANGDP,

RF,

GA,

* Teanga an cháis: an Iodáilis.

GOT Non Possiamo Più Tacere,

Unione Nazionale Italiana Magistrati Onorari – UNIMO,

tugann AN CHÚIRT (an Chéad Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: A. Arabadjiev (Rapóirtéir), Uachtarán Dlísheomra, I. Ziemele, T. von Danwitz, P.G. Xuereb agus A. Kumin, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: J. Kokott,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– PG, ag L. Serino, E. Lizza agus G. Romano, avvocati,

– PV agus Associazione Nazionale Giudici di Pace – ANGDP, ag G. Guida agus V. De Michele, avvocati,

– Unione Nazionale Giudici di Pace (Unagipa) agus TR, ag G. Guida, V. De Michele agus F. Visco, avvocati,

– RF, ag B. Nascimbene agus F. Rossi Dal Pozzo, avvocati,

– Rialtas na hIodáile, ag G. Palmieri, i gcáil Gníomhaire, le cúnamh ó F. Sclafani agus A. Vitale, avvocati dello Stato,

– an Coimisiún Eorpach, ag B.-R. Killmann agus D. Recchia, i gcáil Gníomhairí,

tar éis cinneadh a dhéanamh, i ndiaidh an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh seo ar réamhrialú (i) le léiriú ar Airteagail 20, 21, 31, 33, 34 agus 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (‘an Chairt’), (ii) Clásal 4 den chomhaontú réime maidir le hobair pháirtaimseartha a tugadh i gcrích an 6 Meitheamh 1997 (‘an comhaontú réime maidir le hobair pháirtaimseartha’), a ghabhann le Treoir 97/81/CE ón gComhairle an 15 Nollaig 1997 maidir leis an gComhaontú Réime maidir le hobair pháirtaimseartha a thug ETUC, UNICE agus CEEP i gcrích (IO 1998 L 14, lch. 9), arna leasú le Treoir 98/23/CE ón gComhairle an 7 Aibreán 1998 (IO 1998 L 131, lch. 10) (‘Treoir 97/81’), (iii) Clásail 2, 4 agus 5 den chomhaontú réime maidir le hobair téarma shocraithe a tugadh i gcrích an 18 Márta 1999 (‘an comhaontú réime maidir le hobair téarma shocraithe’), a ghabhann le Treoir 1999/70/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 maidir leis an gcomhaontú réime maidir le hobair téarma shocraithe a thug ETUC, UNICE agus CEEP i gcrích (IO 1999 L 175, lch. 43), (iv) Airteagail 1

agus 2 de Threoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha (IO 2000 L 303, lch. 16), agus (v) Airteagal 7 de Threoir 2003/88/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Samhain 2003 maidir le gnéithe áirithe d'eagrú ama oibre (IO 2003 L 299, lch. 9).

2 Rinneadh an iarraidh in imeachtaí idir PG, *Giudice di pace* (Giúistís), agus an Ministero della Giustizia (Aireacht Dlí agus Cirt, an Iodáil), an Consiglio Superiore della Magistratura (Ard-Chomhairle na mBreithiúna, an Iodáil) agus an Presidenza del Consiglio dei Ministri (Oifig an Phríomh-Aire, an Iodáil) maidir leis an diúltú cinneadh a dhéanamh go bhfuil caidreamh fostaíochta lánaimseartha nó páirtaimseartha san earnáil phoiblí idir PG agus an Aireacht Dlí agus Cirt.

Comhthéacs dlí

Dlí an Aontais Eorpaigh

Comhaontú réime maidir le hobair pháirtaimseartha

3 Foráiltear le Clásal 2 den chomhaontú réime maidir le hobair pháirtaimseartha, dar teideal 'Raon feidhme':

'1. Baineann an chomhaontú seo le hoibrithe páirtaimseartha a bhfuil conradh fostaíochta nó caidreamh fostaíochta leo mar a shainmhínítear sa dlí, i gcomhaontuithe comhchoiteanna nó sa chleachtas atá i bhfeidhm atá i bhfeidhm i ngach Ballstát.

[…]'.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear le Clásail 4(1) agus (2) den chomhaontú réime maidir le hobair pháirtaimseartha:

'1. Maidir le coinníollacha fostaíochta, ní dhéileálfar le hoibrithe páirtaimseartha ar bhealach is lú fabhar ná le oibrithe lánaimseartha inchomparáide toisc go n-oibríonn siad ar bhonn páirtaimseartha, ach amháin má tá bonn cirt le cóir éagsúil ar fhorais oibiachtúla.

2. I gcás inarb iomchuí, beidh feidhm ag an bprionsabal *pro rata temporis*.'

Comhaontú Réime maidir le hobair ar théarma socraithe

5 Foráiltear le Clásal 2 den chomhaontú réime maidir le hobair ar théarma socraithe, dar teideal 'Raon feidhme':

'1. Baineann an chomhaontú seo le hoibrithe ar théarma socraithe a bhfuil conradh fostaíochta nó caidreamh fostaíochta leo mar a shainmhínítear sa dlí, i gcomhaontuithe comhchoiteanna nó sa chleachtas atá i bhfeidhm i ngach Ballstát.

[…]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Foráiltear le Clásal 4 den chomhaontú réime maidir le hobair ar théarma socraithe, dar teideal 'Prionsabal an neamh-idirdhealaithe':

'1. Maidir le coinníollacha fostaíochta, ní dhéileálfar le hoibrithe ar théarma socraithe ar bhealach is lú fabhar ná le buanoibrithe inchomparáide toisc go bhfuil conradh nó caidreamh ar théarma socraithe acu, ach amháin má tá bonn cirt le cóir éagsúil ar fhorais oibiachtúla.

2. I gcás inarb iomchuí, beidh feidhm ag an bprionsabal *pro rata temporis*.

[…]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Sonraítear i gClásal 5 den chomhaontú réime maidir le hobair ar théarma socraithe, dar ceannteideal 'Bearta chun mí-úsáid a chosc':

'1. Chun cosc a chur ar mhí-úsáid a eascraíonn as an úsáid de chonarthaí fostaíochta nó caidrimh fostaíochta ar théarma socraithe comhleanúnacha, déanfaidh na Ballstáit, tar éis dul i gcomhairle le comhpháirtithe sóisialta i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, le comhaontuithe comhchoiteanna nó le cleachtais chomhchoiteanna, agus/nó déanfaidh na comhpháirtithe sóisialta, i gcás nach bhfuil aon bheart dlí comhionann ann chun mí-úsáid a chosc, ceann amháin nó níos mó de na bearta seo a leanas a thabhairt isteach ar bhealach lena gcuirtear san áireamh riachtanais earnálacha sonracha agus/nó catagóirí oibrithe:

(a) cúiseanna oibiachtúla lena dtugtar údar maith le conarthaí nó le caidrimh den sórt sin a athnuachan;

(b) uasré iomlán na gconarthaí fostaíochta nó na gcaidreamh fostaíochta ar théarma socraithe comhleanúnacha;

(c) líon na n-athnuachan de chonarthaí nó de chaidrimh den sórt sin.

2. Cinnfidh na Ballstáit, tar éis dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta agus/nó na comhpháirtithe sóisialta, i gcás inarb iomchuí, faoi cé na coinníollacha a fhéadfar conarthaí fostaíochta nó caidrimh fostaíochta ar théarma socraithe:

(a) a mheas mar "comhleanúnach";

(b) a mheas mar chonarthaí nó mar chaidrimh tréimhse éiginnte.'

Treoir 2003/88,

8 Foráiltear le hAirteagal 7 de Threoir 2003/88, dar teideal 'Saoire bhliantúil':

'1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh gach oibrí i dteideal saoire bhliantúil le pá 4 seachtaine ar a laghad i gcomhréir leis na coinníollacha maidir le teidlíocht ar

an tsaoire sin, agus maidir le saoire den sórt sin a dheonú, a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus/nó sa chleachtas náisiúnta.

2. Ní fhéadfar cúiteamh airgeadais a chur in ionad íostréimhse na saoire bliantúla le pá, ach amháin i gcás ina bhfoirceanntar an caidreamh fostaíochta.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na hIodáile

9 Tá forálacha bunúsacha maidir le rochtain ar oifig bhreithiúnach in Airteagal 106 de Bhunreacht na hIodáile:

'Roghnófar na breithiúna trí bhíthin comórtais.

Féadfar go ndéanfar foráil leis an dlí lena rialaítear an córas breithiúnach chun breithiúna oinigh a cheapadh, lena n-áirítear trí thoghchán, d'fhonn na feidhmeanna go léir a dhéanfaidh breitheamh aonair a chomhlíonadh.

[…]'

10 Foráiltear le Legge n. 374 – Istituzione del giudice di pace (Dlí Uimh. 374 lena mbunaítear oifig an ghiúistís) an 21 Samhain 1991 (Gnáthfhorlíonadh a ghabhann le GURI Uimh. 278 an 27 Samhain 1991, lch. 5), sa leagan is infheidhme maidir leis na príomhimeachtaí ('Dlí 374/1991'):

'Airteagal 1

Oifig agus dualgais giúistísí a bhunú

1. Cruthaítear leis seo oifig an ghiúistís. Feidhmeoidh giúistís dlínse in ábhair shibhialta agus choiriúla agus seolfaidh sé nósanna imeachta socraíochta in ábhair shibhialta i gcomhréir leis na forálacha atá leagtha síos sa dlí seo.

2. Is é breitheamh "oinigh" ar comhalta den bhreithiúnas é a shealbhóidh oifig an ghiúistís.

…

Airteagal 4

Ceapachán chun oifige

1. Déantar na breithiúna "oinigh" a n-iarrtar orthu fónamh mar ghiúistísí, a cheapadh trí bhíthin fhoraithne Uachtarán na Poblachta, i ndiaidh plé in Ard-Chomhairle na mBreithiúna, ar thogra ón gcomhairle bhreithiúnach a bhfuil dlínse chríochach aici, le cúnamh ó chúigear ionadaithe arna n-ainmniú, trí chomhaontú comhchoiteann, ag Comhairlí Chumann an Bharra do cheantar na cúirte achomhairc.

…

Airteagal 10

Dualgais giúistísí

1. Tá giúistísí faoi réir dhualgais na ngnáthbhreithiúna. …

…

Airteagal 11

Cúiteamh a íoctar le giúistísí

1. Is oifig “oinigh” í oifig an ghiúistís.

2. Gheobhaidh na breithiúna oinigh a chomhlíonfaidh dualgais giúistísí cúiteamh de 70 000 [Lira na hIodáile (ITL) (thart ar EUR 35)] le haghaidh gach éisteachta sibhialta nó coiriúla, fiú nuair nach bhfuil aon éisteacht ó bhéal ann, agus i leith doiciméad apastaile, chomh maith le ITL 110 000 [(thart ar EUR 55)] maidir le haon nós imeachta eile arna shannadh a dhúntar nó a bhaintear den chlár.

3. Gheobhaidh siad cúiteamh freisin de ITL 500 000 [(thart ar EUR 250)] in aghaidh gach míosa seirbhíse iarbhír mar aisíocaíocht i leith táillí oiliúna, costais athoiliúna agus costais a bhaineann le seirbhísí ginearálta na hoifige.

…

4a. Féadfar an cúiteamh dá bhforáiltear san Airteagal seo a fháil i gcomhthráth le pinsin agus sochair scoir, is cuma conas a ainmnítear iad.

4b. Ní fhéadfaidh an cúiteamh dá bhforáiltear san airteagal seo, ar aon nós, dul thar EUR 72 000 comhlán in aghaidh na bliana.’

Na príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú

11 Bhí PG i seilbh oifige *Giudice di pace* (giúistís) ar bhonn leanúnach ón 3 Iúil 2002 go dtí an 31 Bealtaine 2016.

12 Sa díospóid sna príomhimeachtaí, lorgaíonn PG, atá ag áitiú go gcomhlíonann giúistísí agus gnáthbhreithiúna tascanna comhionanna, dearbhú go bhfuil sé i dteideal stádas dlíthiúil fostaí de chuid na hearnála poiblí, ar bhonn lánaimseartha nó páirtaimseartha, mar bhreitheamh. Lorgaíonn PG freisin ordú chun a chearta airgeadais, slándála sóisialta agus pinsin a athbhunú.

13 Tugann an chúirt a rinne an tarchur le fios, de réir na reachtaíochta náisiúnta, agus i gcodarsnacht le seasamh na ngnáthbhreithiúna, nach bhfuil tréithe tipiciúla de chaidreamh fostaíochta san earnáil phoiblí ag baint le fostaíocht giúistís. Leanann sé as sin nach bhfuil aon chineál cosanta ag giúistís chun críocha pinsin agus slándála sóisialaí, lena n-áirítear i gcúrsaí sláinte, máithreachais agus teaghlaigh, nó an ceart chun saoire.

14 De réir na cúirte a rinne an tarchur, comhlíonann giúistís, áfach, dualgais bhreithiúnacha atá inchomparáide le dualgais gnáthbhreithiúna agus, in aon chás, le dualgais státseirbhíseach eile. Is neamhábhartha é an fíoras go sainmhínítear go foirmiúil an luach saothair a íoctar le giúistísí mar 'sochar oifige'. Dá ndéanfaí conarthaí ar théarma socraithe a athnuachan go míchuí agus gan údar maith leis agus dá ndéanfaí síneadh córasach ar thréimhsí seirbhíse giúistísí, bheadh 'buanú' áirithe de chaidreamh fostaíochta i gceist arb í an saintréith a ghabhann leis faoi dhlí na hIodáile ná caidreamh oinigh, nach bhfuil aon phionós éifeachtach ina leith a d'fhéadfadh éifeacht athchomhairleach a bheith aige.

15 Sna himthosca sin, chinn an Tribunale amministrativo regionale per l'Emilia Romagna (an Chúirt Riaracháin Réigiúnach, Emilia Romagna, an Iodáil) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'(1) Le hAirteagail 20, 21, 31, 33 agus 34 den [C hairt], [Clásail 2 agus 4 den chomhaontú réime maidir le hobair téarma shocraithe a ghabhann le Treoir 1999/70], [Clásal 4 den chomhaontú réime maidir le hobair pháirtaimseartha a ghabhann le Treoir 97/81], le hAirteagal 7 de Threoir [2003/88] agus le hAirteagail 1 agus 2(2)(a) de Threoir [2000/78] an gcuirtear bac ar chur i bhfeidhm reachtaíochta náisiúnta, amhail reachtaíocht na hIodáile atá leagtha amach i [Dlí Uimh. 374/1991] agus Foraithne Reachtaíochta 92/2016, arna léiriú go comhsheasmhach sa chásdlí, faoina ndéantar *giudici di pace* (giúistísí), mar bhreithiúna tuata, sa bhreis ar an bhfíoras nach ndéileáiltear leo ar an mbealach céanna le *giudici togati* [(gnáthbhreithiúna)] maidir le luach saothair agus teidlíochtaí pinsin agus slándála sóisialta, a eisiamh go hiomlán ó gach cineál cosanta pinsin agus slándála sóisialta a thugtar d'fhostaithe san earnáil phoiblí?

(2) Le prionsabail an Aontais a bhaineann le huathriail agus neamhspleáchas na mbreithiúna, go háirithe Airteagal 47 den [Chairt], an gcuirtear bac ar chur i bhfeidhm reachtaíochta náisiúnta, amhail reachtaíocht na hIodáile faoina mbíonn *giudici di pace*, mar bhreithiúna tuata, sa bhreis ar an bhfíoras nach ndéileáiltear leo ar an mbealach céanna le *giudici togati* [(gnáthbhreithiúna)] maidir le luach saothair agus teidlíochtaí pinsin agus slándála sóisialta, a eisiamh go hiomlán ó gach cineál cosanta pinsin agus slándála sóisialta a thugtar d'fhostaithe san earnáil phoiblí?

(3) Le clásal 5 den [chomhaontú réime maidir le hobair ar théarma socraithe] an gcuirtear bac ar chur i bhfeidhm na reachtaíochta náisiúnta, amhail reachtaíocht na hIodáile faoina bhféadfar tréimhse sheasta seirbhíse *giudici di pace*, mar bhreithiúna tuata, a socraíodh ar dtús ag ocht mbliana (ceithre bliana móide ceithre bliana), a athnuachan go córasach go ceann ceithre bliana eile gan aon fhoráil do phionóis éifeachtacha agus athchomhairleacha, in ionad an caidreamh fostaíochta a thiontú go caidreamh tréimhse éiginnte?'

16 Tar éis di breithiúnas an 16 Iúil 2020 a thabhairt, *Governo della Repubblica italiana (Stádas ghiúistísí na hIodáile)* (C-658/18, EU:C:2020:572), d'fhiafraigh an Chúirt Bhreithiúnais den Tribunale amministrativo regionale per la Emilia Romagna (an Chúirt Riaracháin Réigiúnach, Emilia Romagna) ar mhian léi, i bhfianaise an bhreithiúnais sin, leanúint lena hiarraidh ar réamhrialú.

17 An 28 Deireadh Fómhair 2020, shonraigh an chúirt a rinne an tarchur go raibh an iarraidh sin á coimeád aici ar an bhforas nár rialaigh an Chúirt maidir leis na neamhréireachtaí go léir idir dlí an Aontais agus an reachtaíocht intíre a bhí i gceist. Shoiléirigh an chúirt sin go raibh sé

tábhachtach go ndéanfadh an Chúirt mionscrúdú ar na dualgais a chomhlíonann giúistísí in ord breithiúnach na hIodáile, nó bhí baol ann go bhféadfadh discréid róleathan a bheith ag cúirteanna náisiúnta.

Breithniú ar na ceisteanna a tharchuirtear

Inghlacthacht na gceisteanna

18 Ní mór a mheabhrú, de réir chásdlí socair na Cúirte, i gcomhthéacs an chomhair idir an Chúirt Bhreithiúnais agus na cúirteanna náisiúnta dá bhforáiltear in Airteagal 267 CFAE, gur faoin gcúirt náisiúnta ar tugadh an díospóid os a comhair agus nach mór freagracht a ghlacadh as an gcinneadh breithiúnach ina dhiaidh sin, i bhfianaise imthosca sonracha an cháis, an gá atá le réamhrialú ionas go mbeidh sí in ann a breithiúnas a thabhairt agus ábharthacht na gceisteanna a chuirfidh sí faoi bhráid na Cúirte araon a chinneadh. Dá bhrí sin, nuair a bhaineann na ceisteanna a cuireadh isteach le léiriú ar dhlí an Aontais, tá an Chúirt faoi cheangal, i bprionsabal, rialú a dhéanamh (breithiúnas an 17 Meán Fómhair 2020, *Burgo Group*, C-92/19, EU:C:2020:733, mír 39 agus an cásdlí dá dtagraítear).

19 Dá bhrí sin, tá toimhde ábharthachta ann maidir le ceisteanna a bhaineann le dlí an Aontais. Ní féidir leis an gCúirt Bhreithiúnas diúltú do rialú a thabhairt ar iarraidh arna déanamh ag cúirt náisiúnta ach amháin má dhealraíonn sé go follasach nach bhfuil baint ar bith ag an léiriú arna iarraidh ar dhlí an Aontais le fíricí iarbhír nó cuspóir na díospóide sna príomhimeachtaí, gur fadhb de chineál hipitéiseach í nó nach bhfuil an fhaisnéis fhíorasach agus dhlíthiúil is gá ag an gCúirt Bhreithiúnais chun freagra úsáideach a thabhairt ar na ceisteanna a cuireadh uirthi (breithiúnas an 17 Meán Fómhair 2020, *Burgo Group*, C-92/19, EU:C:2020:733, mír 40 agus an cásdlí dá dtagraítear).

20 I dtaca leis sin, ionas go bhféadfaidh an Chúirt léiriú a thabhairt ar dhlí an Aontais a bheidh úsáideach don chúirt náisiúnta, ceanglaítear le hAirteagal 94(c) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, *inter alia*, go leagfaí amach san iarraidh ar réamhrialú na cúiseanna a thug ar an gcúirt a rinne an tarchur fiosrú a dhéanamh maidir le léiriú nó bailíocht forálacha áirithe de dhlí an Aontais, agus an gaol idir na forálacha sin agus an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí.

21 Maidir leis an gcéad cheist, ní chomhlíonann an t-ordú tarchuir na ceanglais sin.

22 Ón ordú tarchuir, ní fhéadfar a thuiscint na cúiseanna go gcuirtear bac le hAirteagail 33 agus 34 den Chairt agus le forálacha Threoir 2000/78 ar reachtaíocht náisiúnta, arna léiriú le cásdlí náisiúnta agus ar dá réir nach bhfuil giúistísí mar bhreithiúna oinigh san áireamh sa scéim luacha saothair, slándála sóisialta agus pinsin céanna le gnáthbhreithiúna agus dá bhrí sin go bhfuil siad eisiata go hiomlán ó gach cineál cosanta pinsin agus slándála sóisialta a thugtar d'oibrithe na hearnála poiblí.

23 Maidir leis an dara ceist, ní leagann an chúirt a rinne an tarchur amach na fáthanna a bhfuil sí neamhchinnte maidir le comhoiriúnacht na reachtaíochta i gceist i bhfianaise na bprionsabal maidir le huathriail agus neamhspleáchas na ndualgas breithiúnach a chomhlíonann giúistísí. Ní luann an chúirt a rinne an tarchur ach go gceanglaítear le neamhchlaontacht agus

neamhspleáchas na mbreithiúna go n-aithnítear go bhfuil cearta bunúsacha ag gach breitheamh, is é sin, leanúnachas seirbhíse, sochair oifige chuí agus urramú ar chearta na cosanta in imeachtaí araíonachta agus para-araíonachta.

24 Dá réir sin, níl an t-ábhar fíorasach ná dlíthiúil ag an gCúirt Bhreithiúnais a bheadh riachtanach chun freagra úsáideach a thabhairt ar chuid den chéad cheist agus ar an dara ceist.

25 Dá bhrí sin ní mór an chéad cheist a tharchuirtear, mar a bhaineann sí le léiriú ar Airteagail 33 agus 34 den Chairt agus Threoir 2000/78 agus an dara ceist a tharchuirtear ina hiomláine, a dhearbhú a bheith do-ghlactha.

An chéad cheist

26 Mar réamhábhar, ní mór a thuiscint gurb í an chéad cheist ón gcúirt a rinne an tarchur nach n-iarrtar léiriú uathrialach ar Airteagail 20, 21 agus 31 den Chairt, ós rud é nach dtagraítear do na hAirteagail sin ach amháin chun tacú leis an iarraidh ar léiriú ar Threoir 2003/88, ar an gcomhaontú réime maidir le hobair pháirtaimseartha agus ar an gcomhaontú réime maidir le hobair ar théarma socraithe.

27 Dá réir sin, faoin gceist sin, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 7 de Threoir 2003/88, Clásal 4 den chomhaontú réime maidir le hobair pháirtaimseartha agus Clásal 4 den chomhaontú réime maidir le hobair ar théarma socraithe le léiriú sa chaoi go gcuirtear bac leo ar reachtaíocht náisiúnta nach ndéantar foráil ar bith léi maidir le teidlíocht ar thaobh giúistísí do 30 lá de shaoire bhliantúil le pá nó scéim slándála sóisialta agus pinsin de dhroim an chaidrimh fostaíochta, amhail an teidlíocht dá bhforáiltear do ghnáthbhreithiúna.

28 Mar a luaitear cheana i mír 13 den bhreithiúnas seo, sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur gur caidreamh fostaíochta de chuid na hearnála poiblí é caidreamh fostaíochta na ngnáthbhreithiúna, nach ionann é sin agus cás na ngiúistísí tuata, a shainmhínítear mar 'oinigh' sa reachtaíocht atá i gceist. Sna himthosca sin, níl ag giúistísí, amhail PG, aon teidlíocht saoire le pá ná aon chineál cosanta chun críocha pinsin agus leasa shóisialaigh, lena n-áirítear in ábhair a bhaineann le sláinte, máithreachas agus teaghlaigh.

29 Is léir, chuige sin, ón gcáschomhad atá os comhair na Cúirte go bhfuil difríocht idir caidreamh fostaíochta giúistís agus caidreamh fostaíochta na ngnáthbhreithiúna maidir le roinnt ábhar riachtanach, eadhon earcaíocht, post laistigh de chóras eagrúcháin an riaracháin phoiblí, rialacha maidir le coinbhleachtaí leis an oifig a shealbhaítear agus maidir le heisiachas na hoifige sin, luach saothair, fad an chaidrimh agus nádúr iomlán eisiach na ndualgas.

30 Ní mór a mheabhrú ón tús, ina breithiúnas an 16 Iúil 2020, *Governo della Repubblica italiana (Stádas ghiúistísí na hIodáile)* (C-658/18, EU:C:2020:572), gur chinn an Chúirt, go bunúsach, go raibh an coincheap 'oibrí téarma' dá dtagraítear i gClásal 2(1) den chomhaontú réime maidir le hobair ar théarma socraithe, a léiriú sa chaoi go gcumhdaítear giúistís arna cheapadh ar feadh tréimhse theoranta, a thugann, i gcomhthéacs a chuid nó a cuid dualgas, faoi fhíorsheirbhísí iarbhír nach bhfuil imeallach ná coimhdeach amháin, agus a bhfaigheann sé nó sí cúiteamh ina leith a sheasann do luach saothair, rud atá faoin gcúirt a rinne an tarchur áfach, a fhíorú.

31 Dá bhrí sin, sa chás seo, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a chinneadh cé acu an bhfuil nó nach bhfuil PG ina 'oibrí ar théarma seasta' de réir bhrí an chomhaontaithe réime maidir le hobair ar théarma socraithe agus/nó ina 'oibrí páirtaimseartha' de réir bhrí an chomhaontaithe réime maidir le hobair pháirtaimseartha.

32 Chuige sin, ba cheart a mheabhrú go gcuirtear cosc le Clásal 4(1) den chomhaontú réime maidir le hobair ar théarma socraithe, maidir le coinníollacha fostaíochta, ar chaitheamh le hoibrithe téarma shocraithe ar bhealach is lú fabhar ná mar a chaitear le buanoibrithe, ar an bhforas go bhfuil siad fostaithe ar chonradh ar théarma socraithe agus ar an bhforas sin amháin, ach amháin má bhíonn bonn cirt le cóir éagsúil ar fhorais oibiachtúla (breithiúnas an 16 Iúil 2020, *Governo della Repubblica italiana (Stádas ghiúistísí na hIodáile)*, C-658/18, EU:C:2020:572, mír 136).

33 Ar an gcaoi chéanna, i gcomhréir leis an gcuspóir deireadh a chur le hidirdhealú idir oibrithe páirtaimseartha agus oibrithe lánaimseartha, cuirtear cosc le clásal 4 den chomhaontú réime maidir le hobair pháirtaimseartha, maidir le coinníollacha fostaíochta, ar chaitheamh le hoibrithe páirtaimseartha ar bhealach is lú fabhar ná mar a chaitear le hoibrithe lánaimseartha toisc go n-oibríonn siad go páirtaimseartha ach amháin má bhíonn bonn cirt le cóir éagsúil ar fhorais oibiachtúla.

34 Toisc go bhfuil an fhoclaíocht de Chlásal 4(1) agus (2) den chomhaontú réime maidir le hobair pháirtaimseartha agus an fhoclaíocht de Chlásal 4(1) agus (2) den chomhaontú réime maidir le hobair ar théarma socraithe comhionann go bunúsach, ní mór a shonrú go bhfuil feidhm *mutatis mutandis* freisin ag breithnithe a leagtar amach i leith ceann de na forálacha sin agus i leith na forála eile.

35 Chinn an Chúirt go bhfuil sé d'aidhm ag Clásal 4(1) den chomhaontú réime maidir le hobair ar théarma socraithe prionsabal an neamh-idirdhealaithe a chur i bhfeidhm maidir le hoibrithe ar théarma socraithe chun cosc a chur ar fhostóir caidreamh fostaíochta den chineál sin a úsáid chun cearta a thugtar d'oibrithe buana a bhaint de na hoibrithe sin (breithiúnas an 16 Iúil 2020, *Governo della Repubblica italiana (Stádas ghiúistísí na hIodáile)*, C-658/18, EU:C:2020:572, mír 137).

36 Maidir leis na 'coinníollacha fostaíochta' dá dtagraítear i gClásal 4 den chomhaontú réime sin, chinn an Chúirt roimhe seo go gcuimsítear sna coinníollacha sin coinníollacha a bhaineann le luach saothair agus le pinsin de dhroim an chaidrimh fostaíochta, d'eisiamh coinníollacha a bhaineann le pinsin a eascraíonn faoi scéim reachtúil slándála sóisialta (breithiúnas an 15 Aibreán 2008, *Impact*, C-268/06, EU:C:2008:223, mír 134).

37 Is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a chinneadh cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an scéim slándála sóisialta agus pinsin atá i gceist sna príomhimeachtaí cumhdaithe ag Clásal 4 den chomhaontú réime sin.

38 Ina theannta sin, ós rud é go gcumhdaítear le 'coinníollacha fostaíochta' de réir bhrí Chlásal 4(1) den chomhaontú réime maidir le hobair téarma socraithe na comhchodanna den luach saothair, lena n-áirítear leibhéal na gcodanna sin, an ceart chun saoire bliantúla le pá agus na coinníollacha maidir le pinsin scoir a eascraíonn as an gcaidreamh fostaíochta, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a aimsiú cé acu an bhfuil nó nach bhfuil, ag féachaint do na tosca uile amhail cineál na fostaíochta, na hoiliúna agus na coinníollacha oibre, gníomhaíocht bhreithiúnach PG le linn dó a

dhualgais a chomhlíonadh mar ghiúistís inchomparáide le dualgais ghnáthbhreithimh (féach, chuige sin, breithiúnas an 16 Iúil 2020, *Governo della Repubblica italiana (Stádas ghiúistísí na hIodáile)*, C-658/18, EU:C:2020:572, míreanna 143 go 147).

39 Má shuitear go bhfuil giúistís ar nós PG, i bhfianaise Chlásal 4 den chomhaontú réime maidir le hobair ar théarma socraithe, i staid inchomparáide le staid na ngnáthbhreithiúna, ní mór a fhíorú fós cé acu an bhfuil nó nach bhfuil foras oibiachtúil ann lena dtugtar bonn cirt le cóir éagsúil.

40 Chuige sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, de réir cásdlí socair, nach mór a thuiscint nach gceadaítear leis an gcoincheap 'forais oibiachtúla', de réir bhrí Chlásal 4(1) den chomhaontú réime, difríocht sa chóir idir oibrithe ar théarma socraithe agus buanoibrithe ar an mbonn go ndéantar foráil don chóir éagsúil le beart ginearálta nó teibí, amhail dlí nó comhaontú comhchoiteann (breithiúnas an 16 Iúil 2020, *Governo della Repubblica italiana (Stádas ghiúistísí na hIodáile)*, C-658/18, EU:C:2020:572, mír 150 agus an cásdlí dá dtagraítear).

41 Ceanglaítear leis an gcoincheap sin, de réir cásdlí atá chomh seanbhunaithe céanna, go bhfuil údar leis an gcóir neamh-chomhionann a chinntear a bheith ann mar gheall ar thosca beachta agus sonracha a bheith ann mar shaintréith den chaidreamh fostaíochta atá i gceist, sa chomhthéacs ar leith ina dtarlaíonn sí agus ar bhonn critéir oibiachtúla thrédhearcacha, d'fhonn a áirithiú go bhfreagraíonn an chóir neamh-chomhionann sin do fhíor-riachtanas, go bhfuil sí iomchuí chun an cuspóir atá á shaothrú a bhaint amach agus go bhfuil sí riachtanach chun na críche sin. Féadfaidh na fachtóirí sin a bheith soiléir, go háirithe, ó chineál sonrach na gcúraimí ar tugadh conarthaí ar théarma socraithe i gcrích lena gcomhlíonadh agus ó shaintréithe bunúsacha na gcúraimí sin nó, de réir mar a bheidh, ó chuspóir dlisteanach beartais shóisialta de chuid Ballstáit a shaothrú (breithiúnas an 16 Iúil 2020, *Governo della Repubblica italiana (Stádas ghiúistísí na hIodáile)*, C-658/18, EU:C:2020:572, mír 151).

42 Rialaigh an Chúirt, i mír 156 de bhreithiúnas an 16 Iúil 2020, *Governo della Repubblica italiana (Stádas ghiúistísí na hIodáile)* (C-658/18, EU:C:2020:572), maidir leis an bhfírinniú atá le comórtas iontrála a bheith ann atá deartha go sonrach do ghnáthbhreithiúna chun dul isteach mar bhreithiúna, nach bhfuil riachtanach chun giúistísí a cheapadh, i bhfianaise na lánrogha atá ag na Ballstáit maidir le heagrú a gcuid riarachán poiblí féin, go bhféadfaidh na Stáit sin, i bprionsabal, gan gníomhú contrártha do Threoir 1999/70 nó don chomhaontú réime maidir le hobair ar théarma socraithe, coinníollacha a leagan síos maidir le dul isteach mar bhreitheamh agus coinníollacha fostaíochta is infheidhme maidir le gnáthbhreithiúna agus giúistísí araon.

43 Mar sin féin, d'ainneoin na lánrogha sin, ní mór na critéir a leagann na Ballstáit síos a chur i bhfeidhm ar bhealach trédhearcach agus ní mór iad a bheith faoi réir athbhreithniú chun cosc a chur ar aon chóireáil neamhfhabhrach d'oibrithe ar théarma socraithe ar bhonn ré na gconarthaí nó na gcaidreamh fostaíochta amháin a léiríonn fad a sheirbhíse agus a dtaithí ghairmiúil (breithiúnas an 16 Iúil 2020, *Governo della Repubblica italiana (Stádas ghiúistísí na hIodáile)*, C-658/18, EU:C:2020:572, mír 157).

44 I gcás ina n-eascraíonn difríocht den sórt sin sa chóir as an ngá atá le cur san áireamh na gceanglas oibiachtúil a bhaineann leis an bpost a bhfuil an nós imeachta earcaíochta beartaithe a líonadh agus nach mbaineann le cineál téarma socraithe chaidreamh fostaíochta an oibrí, féadfar bonn cirt a bheith leis an difríocht sin sa chóir chun críocha Chlásal 4(1) agus/nó (4) den chomhaontú réime maidir le hobair ar théarma socraithe. Chuige sin, ní mór a chur san áireamh go bhféadfaí, i bprionsabal, go mbeadh bonn cirt, i bprionsabal, le roinnt difríochtaí sa chóir idir buanoibrithe a earcaítear trí bhíthin comórtais agus oibrithe ar théarma socraithe a earcaítear trí bhíthin nós

imeachta atá éagsúil leis an nós imeachta a chuirtear ar fáil do bhuanoibrithe de bharr difríochtaí sna cáilíochtaí a theastaíonn agus nádúr na ndualgas ar tugadh fúthu (breithiúnas an 16 Iúil 2020, *Governo della Repubblica italiana (Stádas ghiúistísí na hIodáile)*, C-658/18, EU:C:2020:572, míreanna 158 agus 159).

45 Chinn an Chúirt go bhféadfaí, dá bhrí sin, na cuspóirí, arna gcur chun cinn ag Rialtas na hIodáile, maidir le léiriú na ndifríochtaí i gcleachtas gairmiúil idir giúistísí agus gnáthbhreithiúna a mheas mar 'chúis oibiachtúil' de réir bhrí Chlásal 4(1) agus/nó (4) den chomhaontú réime maidir le hobair ar théarma socraithe, ar choinníoll go bhfreagraíonn siad d'fhíor-riachtanas, go bhfuil siad iomchuí chun na cuspóirí atá á saothrú a bhaint amach agus go bhfuil siad riachtanach chun na críche sin (breithiúnas an 16 Iúil 2020, *Governo della Repubblica italiana (Stádas ghiúistísí na hIodáile)*, C-658/18, EU:C:2020:572, mír 160).

46 I dtaca leis sin, mheas an Chúirt gur cosúil go dtugtar le fios leis na difríochtaí idir nósanna imeachta earcaíochta do ghiúistísí agus do ghnáthbhreithiúna, go háirithe an tábhacht speisialta a thugtar laistigh den ord breithiúnach náisiúnta, agus, go háirithe, leis an gcéad mhír d'Airteagal 106 de Bhunreacht na hIodáile, do na comórtais atá deartha go sonrach chun gnáthbhreithiúna a earcú, gur de chineál sonrach iad na tascanna nach mór dóibh a dhéanamh agus go bhfuil na cáilíochtaí is gá chun na tascanna sin a chomhlíonadh ar leibhéal difriúil. Ar aon chuma, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé, chun na críche sin, measúnú a dhéanamh ar an bhfianaise cháilíochtúil agus chainníochtúil atá ar fáil maidir leis na dualgais a chomhlíonann giúistísí agus breithiúna gairmiúla, a sceidil oibre agus na srianta a bhfuil siad faoina réir agus, go ginearálta, na himthosca agus na fíorais ábhartha go léir (féach, chuige sin, breithiúnas an 16 Iúil 2020, *Governo della Repubblica italiana (Stádas ghiúistísí na hIodáile)*, C-658/18, EU:C:2020:572, mír 161).

47 Dá réir sin, leanann sé ón gcásdlí sin go gceadaítear le comórtas iontrála atá deartha go sonrach do ghnáthbhreithiúna dul isteach mar bhreitheamh, nach bhfuil ina chuid dhílis do cheapadh giúistísí, na giúistísí sin a eisiamh ó theidlíocht chun leasa na gceart go léir a thugtar do ghnáthbhreithiúna.

48 Ní mór a shonrú, áfach, ag féachaint don chásdlí sin agus, go sonrach, do na fíoruithe ar faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé go heisiach a dhéanamh, de réir bhreithiúnas an 16 Iúil 2020, *Governo della Repubblica italiana (Stádas ghiúistísí na hIodáile)* (C-658/18, EU:C:2020:572, mír 161), agus a mheabhraítear i mír 46 den bhreithiúnas seo, gur thug an chúirt a rinne an tarchur faoi deara, go bunúsach, nach bhféadtar an difríocht idir na coinníollacha rochtana ar oifig bhreithiúnach is infheidhme maidir leis an dá chatagóir oibrithe sin a bheith ina bonn cirt le giúistísí oinigh a bheith eisiata go hiomlán ó theidlíocht ar shaoire bhliantúil le pá nó ar scéim slándála sóisialta agus pinsin a bhfuil gnáthbhreithiúna i staid inchomparáide ina dteideal.

49 Maidir leis an gceart chun saoire, go sonrach, ní mór a mheabhrú, i gcomhréir le hAirteagal 7(1) de Threoir 2003/88, go ndéanfaidh na 'Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh gach oibrí i dteideal saoire bhliantúil le pá 4 seachtaine ar a laghad'.

50 Ina theannta sin, is léir ó théarmaí Threoir 2003/88 agus ó chásdlí na Cúirte, cé gur faoi na Ballstáit atá sé na coinníollacha a leagan síos maidir le feidhmiú agus cur chun feidhme an chirt chun saoire bliantúla le pá, nach féidir leo an ceart sin, a dhíorthaíonn go díreach ón treoir sin, a chur faoi réir aon réamhchoinníollacha ar bith (breithiúnas an 25 Meitheamh 2020, *Varhoven kasatsionen sad na Republika Bulgaria agus Iccrea Banca*, C-762/18 agus C-37/19, EU:C:2020:504, mír 56 agus an cásdlí dá dtagraítear).

51 Ina theannta sin, ba cheart a mheabhrú, i gcomhréir le clásal 4(2) den chomhaontú réime maidir le hobair pháirtaimseartha, i gcás inarb iomchuí, go bhfuil feidhm ag an bprionsabal *pro rata temporis*.

52 Mar sin, chinn an Chúirt, i gcás fostaíocht pháirtaimseartha, nach gcuirtear cosc le dlí an Aontais ar phinsean scoir a ríomh ar bhonn *pro rata temporis* (féach, chuige sin, breithiúnas an 23 Deireadh Fómhair 2003, *Schönheit agus Becker*, C-4/02 agus C-5/02, EU:C:2003:583, míreanna 90 agus 91), agus nach gcuirtear cosc leis saoire bhliantúil le pá a ríomh i gcomhréir leis an bprionsabal céanna (féach, chuige sin, breithiúnais an 22 Aibreán 2010, *Zentralbetriebsrat der Landeskrankenhäuser Tirols*, C-486/08, EU:C:2010:215, mír 33, agus an 8 Samhain 2012, *Heimann agus Toltschin*, C-229/11 agus C-230/11, EU:C:2012:693, mír 36). Sna cásanna inar tugadh na breithiúnais sin, ba chritéar oibiachtúil é an t-am oibre laghdaithe i gcomparáid le hoibrí lánaimseartha a chur san áireamh lena gceadaítear laghdú comhréireach ar chearta na n-oibrithe lena mbaineann (breithiúnas an 5 Samhain 2014, *Österreichischer Gewerkschaftsbund*, C-476/12, EU:C:2014:2332, mír 23 agus mír 24).

53 Dá bhrí sin, faoi réir na bhfíoruithe atá le déanamh ag an gcúirt náisiúnta go heisiach, ní mór a mheas, cé go bhféadfadh bonn cirt a bheith leis na difríochtaí áirithe sa chóir de bharr na ndifríochtaí sna cáilíochtaí is gá agus nádúr na ndualgas a chuirtear faoi chúram na ngnáthbhreithiúna, ní fhéadtar glacadh le giúistísí a eisiamh go hiomlán ó aon cheart chun saoire agus ó gach cineál cosanta pinsin agus slándála sóisialta i bhfianaise Chlásal 4 den chomhaontú réime maidir le hobair ar théarma socraithe nó Chlásal 4 den chomhaontú réime maidir le hobair pháirtaimseartha.

54 Ag féachaint do na breithnithe thuasluaite, is é an freagra ar an gcéad cheist nach mór Airteagal 7 de Threoir 2003/88, Clásal 4 den chomhaontú réime maidir le hobair pháirtaimseartha agus Clásal 4 den chomhaontú réime maidir le hobair ar théarma socraithe a léiriú sa chaoi go gcuirtear bac leo ar reachtaíocht náisiúnta nach ndéantar foráil léi maidir le teidlíocht giúistísí ar 30 lá de shaoire bhliantúil le pá nó ar scéim slándála sóisialta agus pinsin a eascraíonn as an gcaidreamh fostaíochta, amhail an ceann dá bhforáiltear do ghnáthbhreithiúna, má thagann an giúistís sin faoi chuimsiú an tsainmhínithe ar 'oibrí páirtaimseartha' de réir bhrí an chomhaontaithe réime maidir le hobair pháirtaimseartha agus/nó 'oibrí ar théarma seasta' de réir bhrí an chomhaontaithe réime maidir le hobair ar théarma socraithe agus atá i staid inchomparáide le staid an ghnáthbhreithimh.

An tríú ceist

55 Lena tríú ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Clásal 5 den chomhaontú réime maidir le hobair ar théarma socraithe a léiriú sa chaoi go gcuirtear bac leis ar reachtaíocht náisiúnta faoina bhféadfaidh caidreamh fostaíochta ar théarma socraithe a bheith faoi réir uasmhéid de thrí athnuachan i ndiaidh a chéile, gach ceann de 4 bliana agus ar feadh uastréimhse iomlán de 16 bliana, agus nach ndéantar foráil leis maidir leis an bhféidearthacht smachtbhannaí a ghlacadh ar bhealach éifeachtach agus athchomhairleach an athnuachan mhíchuí ar chaidreamh fostaíochta.

56 Sa chéad áit, ní mór a mheabhrú go bhforáiltear le Clásal 5 den chomhaontú réime maidir le hobair ar théarma socraithe go bhfuil na Ballstáit le bearta a thabhairt isteach a bhaineann le líon na n-athnuachan comhleanúnach de chonarthaí fostaíochta nó caidrimh fostaíochta ar théarma socraithe agus/nó le huasré iomlán na gconarthaí nó na gcaidreamh sin.

57 Ní mór a thabhairt faoi deara go ndéantar foráil go deimhin i reachtaíocht na hIodáile is infheidhme maidir leis na príomhimeachtaí a bhaineann le teorainn le líon na n-athnuachan comhleanúnacha agus le huasré na gconarthaí téarma shocraithe sin.

58 Chuige sin, is cásdlí socair é, cé go bhfuil lánrogha ag na Ballstáit maidir le bearta chun mí-úsáid a chosc, nach féidir leo, áfach, cuspóir nó éifeacht phraiticiúil an chomhaontaithe réime maidir le hobair ar théarma socraithe a chur i mbaol (féach, chuige sin, breithiúnas an 11 Feabhra 2021, *M.V. agus páirtithe eile (Conarthaí téarma shocraithe comhleanúnacha san earnáil phoiblí)*, C-760/18, EU:C:2021:113, mír 56).

59 Sa dara háit, ní mór scrúdú a dhéanamh cé acu an gcomhlíontar nó nach gcomhlíontar leis an bpionós as aon mhí-úsáid den sórt sin ceanglais Chlásal 5 den chomhaontú réime maidir le hobair ar théarma socraithe, i gcás nach gceadaítear le reachtaíocht na hIodáile an caidreamh fostaíochta a thiontú ina chonradh d'fhad éiginnte.

60 Leanann sé as cásdlí socair nach leagtar síos le Clásal 5 den chomhaontú réime maidir le hobair ar théarma socraithe oibleagáid ghinearálta ar na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le conarthaí fostaíochta ar théarma seasta a thiontú ina gconarthaí d'fhad éiginnte (ordú an 12 Nollaig 2013, *Papalia*, C-50/13, nár foilsíodh, EU:C:2013:873, mír 16), agus nach leagtar síos aon phionóis shonracha i gcás ina gcruthaítear cásanna mí-úsáide (breithiúnas an 11 Feabhra 2021, *M.V. agus páirtithe eile (Conarthaí téarma shocraithe comhleanúnacha san earnáil phoiblí)*, C-760/18, EU:C:2021:113, mír 57).

61 Is faoi na húdaráis náisiúnta atá sé, dá bhrí sin, bearta comhréireacha, éifeachtacha agus athchomhairleacha a ghlacadh chun a áirithiú go bhfuil na rialacha go hiomlán éifeachtach, ar rialacha iad arna nglacadh de bhun an chomhaontaithe réime maidir le hobair ar théarma socraithe, lena bhféadfar foráil a dhéanamh, chun na críche sin, maidir le conarthaí ar théarma seasta a thiontú ina gconarthaí tréimhse éiginnte. Mar sin féin, i gcás inar baineadh úsáid mhíchuí as caidrimh fostaíochta téarma shocraithe chomhleanúnacha, ní mór go bhféadfaí beart a chur i bhfeidhm d'fhonn pionós cuí a chur ar an mí-úsáid sin agus d'fhonn iarmhairtí an tsáraithe a chur ar neamhní (breithiúnas an 11 Feabhra 2021, *M.V. agus páirtithe eile (Conarthaí téarma shocraithe comhleanúnacha san earnáil phoiblí)*, C-760/18, EU:C:2021:113, míreanna 57 go 59).

62 Mar sin féin, ionas go mbreathnófar ar reachtaíocht náisiúnta amhail an reachtaíocht atá i gceist sna príomhimeachtaí – lena gcuirtear cosc, san earnáil phoiblí amháin, ar chonarthaí ar théarma seasta comhleanúnacha a thiontú ina gconradh fostaíochta d'fhad éiginnte – a bheith comhoiriúnach leis an gcomhaontú réime maidir le hobair ar théarma socraithe, ní mór go n-áirítear i ndlí intíre an Bhallstáit lena mbaineann, san earnáil sin, beart éifeachtach eile chun mí-úsáid conarthaí téarma shocraithe comhleanúnacha a chosc agus, i gcás inarb ábhartha, pionós a fhorchur ina leith (breithiúnas an 7 Márta 2018, *Santoro*, C-494/16, EU:C:2018:166, mír 34 agus an cásdlí dá dtagraítear).

63 Ós rud é nach faoin gCúirt atá sé rialú a dhéanamh ar léiriú fhorálacha an dlí intíre, is faoin gcúirt a rinne an tarchur a chinneadh a mhéid is leor na coinníollacha maidir le forálacha ábhartha an dlí intíre a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme go héifeachtach chun cosc a chur ar agus, i gcás inarb ábhartha, pionós a ghearradh as mí-úsáid conarthaí fostaíochta nó caidrimh téarma shocraithe chomhleanúnacha (breithiúnas an 11 Feabhra 2021, *M.V. agus páirtithe eile (Conarthaí téarma shocraithe comhleanúnacha san earnáil phoiblí)*, C-760/18, EU:C:2021:113, mír 61).

64 Sa chás seo, is léir ón bhfaisnéis a chuir an chúirt a rinne an tarchur ar fáil nach gcumasaítear le haon fhoráil de dhlí na hIodáile pionós a ghearradh ar bhealach éifeachtach athchomhairleach as athnuachan mhíchuí ar chaidrimh fostaíochta ar théarma socraithe de réir bhrí Chlásal 5 den chomhaontú réime maidir le hobair ar théarma socraithe.

65 In éagmais aon phionós, dealraíonn sé nach bhféadtar cosc a chur ar mhí-úsáid conarthaí fostaíochta nó caidrimh fostaíochta ar théarma socraithe chomhleanúnacha agus, i gcás inarb ábhartha, pionós a ghearradh ina leith.

66 Ag féachaint do na breithnithe thuasluaite, is é an freagra ar an tríú ceist ná nach mór Clásal 5(1) den chomhaontú réime maidir le hobair ar théarma socraithe a léiriú sa chaoi go gcuirtear bac leis ar reachtaíocht náisiúnta faoina bhféadfaidh caidreamh fostaíochta ar théarma socraithe a bheith faoi réir uasmhéid de thrí athnuachan i ndiaidh a chéile, gach ceann de 4 bliana, ar feadh uastréimhse iomlán de 16 bliana, agus nach ndéantar foráil maidir leis an bhféidearthacht smachtbhannaí a ghlacadh ar bhealach éifeachtach agus athchomhairleach as athnuachan mhíchuí den chaidreamh fostaíochta.

Costais

67 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Chéad Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. **Ní mór Airteagal 7 de Threoir 2003/88/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Samhain 2003 maidir le gnéithe áirithe d'eagrú ama oibre, clásal 4 den chomhaontú réime maidir le hobair pháirtaimseartha a tugadh i gcrích an 6 Meitheamh 1997, atá leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 97/81/CE ón gComhairle an 15 Nollaig 1997 maidir leis an gcomhaontú réime maidir le hobair pháirtaimseartha a thug ETUC, UNICE agus CEEP i gcrích, arna leasú le Treoir 98/23/CE ón gComhairle an 7 Aibreán 1998, chomh maith le clásal 4 den chomhaontú réime maidir le hobair téarma shocraithe, a tugadh i gcrích an 18 Márta 1999, atá leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 1999/70/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 maidir leis an gcomhaontú réime maidir le hobair téarma shocraithe a thug ETUC, UNICE agus CEEP i gcrích, a léirmhíniú sa chaoi go gcuirtear bac leo ar rialacháin náisiúnta nach bhforáiltear, do [ghiúistísí], aon cheart chun laethanta saoire bliantúla íoctha 30 lá, nó scéim [slándála sóisialta] agus pinsin ag brath ar an gcaidreamh fostaíochta, amhail an ceann dá bhforáiltear do ghnáthbhreithiúna, má thagann an [giúistís] sin i gceist faoin gcoincheap 'oibrí páirtaimseartha' de réir bhrí an chomhaontaithe réime maidir le hobair pháirtaimseartha agus/nó faoin gcoincheap 'oibrí ar théarma seasta' de réir bhrí an chomhaontaithe réime maidir le hobair téarma shocraithe, agus iad i gcás atá inchomparáide le staid [ghnáthbhreithimh].**

2. **Ní mór clásal 5(1) den chomhaontú réime maidir le hobair téarma shocraithe a tugadh i gcrích an 18 Márta 1999, atá leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 1999/70, a léirmhíniú sa chaoi go gcuirtear bac leis ar reachtaíocht náisiúnta faoina bhféadfaidh caidreamh fostaíochta ar théarma [socraithe] a bheith faoi réir**

uasmhéid de thrí athnuachan i ndiaidh a chéile, gach ceann de 4 bliana, ar feadh uastréimhse iomlán de 16 bliana, agus nach ndéantar foráil maidir leis an bhféidearthacht smachtbhannaí a ghlacadh ar bhealach éifeachtach agus athchomhairleach as athnuachan mhíchuí ar chaidreamh fostaíochta.

[Sínithe]